An Garda Síochána

# Straitéis an Gharda Síochána i leith na hÓige agus Leanaí

2009 -2011

# CLÁR

Réamhrá – An Coimisinéir M. F. Ó Murchú 4

An Ráiteas Misin 5

Tiomantais na hEagraíochta 5

Brollach don tStraitéis i leith na hÓige agus Leanaí 6

An tStraitéis

**1. Sprioc Ard-Leibhéal 1 – Seirbhís Phóilíneachta do gach Leanbh**

**1.1 An tSeirbhís a Sheachadadh.**

1.1.1 Póilíniú Comharsanachta . 7

1.1.2 Clár na mBunscoileanna. 7

1.1.3 Clár na Meánscoileanna. 7

1.1.4 Clár um Shábháilteacht ar Bhóithre na hIdirbhliana. 8

1.1.5 Rannpháirtíocht an Óige. 8

1.1.6 Dáil na nÓg. 8

1.1.7 Dámhachtainí Gaisce an Óige. 8

1.1.8 Oifig Phreasa agus Chaidrimh Phoiblí an Gharda Síochána 8

1.1.9 Láithreán Gréasáin. 8

**1.2 Cumais a fheabhsú chun an tseirbhís a fheabhsú**

1.2.1 Cearta an Duine do Leanaí. 9

1.2.2 Oiliúint – Coinbhinsiúin Idirnáisiúnta. 9

1.2.3 Oiliúint – An Clár Scoile. 9

1.2.4 Dearcadh na nDaoine Óga. 9

1.2.5 Cleachtais Is Fearr a Aithint agus Luach Saothair a Thabhairt Dóibh. 9

**1.3 Cur Chuige Idirghníomhaire.**

1.3.1 Caidreamh na mBunscoileanna. 10

1.3.2 Caidreamh na Meánscoileanna. 10

1.3.3 Oifig an Aire Leanaí. 10

## 2. Sprioc Ard-Leibhéal 2 – Seirbhís Phóilíneachta do Leanaí atá i gcoimhlint leis an nDlí

### 2.1 An tSeirbhís a Sheachadadh.


2.1.1 Leanaí atá i gCoimeád an Gharda Síochána 11
2.1.2 Cinní ó Stiúrthóir an Chláir Atreoraithe 11
2.1.3 Acmhainní méadaithe don Chlár Atreoraithe. 11
2.1.4 Tuiscint ar an gClár Atreoraithe. 11
2.1.5 Idirghabháil Aisig. 11
2.1.6 Ceartas Aisig. 12
2.1.7 Tionscnaimh Atreoraithe a Úsáid. 12
2.1.8 Orduithe Iompair Frithshóisialta. 12
2.1.9 Cásanna a Phróiseáil i gCúirt Átha Cliath na Leanaí. 12
2.1.10 Páirtíocht na nGardaí le leanaí i gCúirt na Leanaí. 12
2.1.11 Ciontóirí Sliochtmhara. 12
2.1.12 Rochtain ar Chomhairliú. 12


### 2.2 Cumais chun Seachadadh Seirbhíse a Fheabhsú


2.2.1 Cúrsa Oiliúna Ionduchtúcháin JLO. 13
2.2.2 An Clar Atreoraithe taobh istigh d'Oiliúint an Gharda 13
2.2.3 Nósanna Imeachta a Chaighdeánú 13
2.2.4 Ceartas Aisig taobh istigh d'Oiliúint an Gharda. 13
2.2.5 Sainoiliúint um Cheartas Aisig do JLO. 13
2.2.6 Oiliúint um Shainidirghabháil do JLO. 13
2.2.7 Oiliúint maidir le hAcht na Leanaí 14
2.2.8 Oiliúint don Fhoireann i Cúirt Átha Cliath na Leanaí. 14


### 2.3 Cur Chuige Idirghníomhaire.


2.3.1 Athbhreithniú ar Oibríochtaí agus Treoirlínte do Thionscnaimh Atreoraithe 15
2.3.2 Idirghabhála Fianaise-Bhunaithe a Fhorbairt 15
2.3.3 Coireacht an Aosa Óig a Phroifiliú 15
2.3.4 Acmhainní do Thionscnaimh Atreoraithe a Mhéadú 15
2.3.5 Uirlis Measúnaithe Riosca a Fhorbairt 15
2.3.6 Seimineáir d'Oibrithe Tionscnaimh 15
2.3.7 Feidhmiúchán na Seirbhíse Sláinte 15
2.3.8 Coistí Idirghníomhairí um Seírbhísí na Leanaí 15
2.3.9 An Coiste Comharlitheach um Acht na Leanaí 16
2.3.10 Seirbhís Promhaidh do Dhaoine Óga 16
2.3.11 An Coiste Feidhmithe Náisiúnta um Acht na Leanaí 16

## 3. Sprioc Ard-Leibhéal 3 – Seirbhís Phóilíneachta do Leanaí atá i mBaol Díobhála nó i nGátar ar Chúnamh.

### 3.1 An tSeirbhís a Sheachadadh.


3.1.1 Cuir Seirbhís an Gharda Síochána chun cinn mar Chairdiúil don Aos Óg. 17

3.1.2 Téigh i gComhairle le Daoine Óga a bhfuil Deacrachtaí Foghlama acu. 17

3.1.3 Treoirlínte Leanaí i dtosach 17

3.1.4 Físthaifeadadh na nAgallaimh. 17

3.1.5 Idirghabhail Aisig d'Íospairtigh Leanaí. 18

3.1.6 Eagraíochtaí um Thacaíocht d'Íospartaigh. 18

3.1.7 Rochtain as Uaireanta. 18

3.1.8 Leanaí i gCóras an Tearmainn. 18

3.1.9 Leanaí gan Dídean. 18

3.1.10 Lucht an Aosa Óig Aerach, Leispiach agus Déghnéasach. 18


### 3.2 Cumais a fheabhsú chun an seirbhís a fheabhsú.


3.2.1 Sainoiliúint d'Agallaimh Taifeadtha. 19

3.2.2 Idirghabháil Íospairtigh Ciontóra. 19

3.2.3 Treoirlínte d'Oiliúint do Leanaí i dTosach. 19

3.2.4 Polasaí agus Treoirlínte do Leanaí ar Iarraidh 19

3.2.5 Polasaí an Gharda do Leanaí gan Tionlacan i bPróiseas Tearmainn. 19


### 3.3 Cur Chuige Idirghníomhaire.


3.3.1 Oiliúint Idirghníomhaire le Leanaí a Chur faoi Agallaimh 20

3.3.2 Protocal le FSS do leanaí atá ar iarraidh ó chúram. 20

3.3.3 Protocal le FSS d'orduithe cúraim speisialta a fhorghníomhú. 20

3.3.4 An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais 20

3.3.5 Seirbhísí um Thacaíocht d'Íospartaigh. 20

3.3.6 Caidreamh le Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí 20

3.3.7 Barnardos. 21

**Réamhrá**

Is é tiomantas lárnach an Gharda Síochana ná a pobal sábháilte a chinntiú do chách. Oibríonn muid chun é seo a bhaint amach trí páirtnéireachtaí a thógáil, trí éisteacht lena gcuid riachtanais, agus trí oibriú le chéile chun torthaí a bhaint amach. Tá leanaí agus daoine óga ina mbaill tábhachtacha d'aon phobal agus leanann sé mar sin go mba cheart don Gharda Síochána straitéis a fhorbairt a athnaíonn a n-áit agus a ról.

Tá cur chuige Straitéis an Gharda Síochána i leith na hÓige agus Leanaí dearfach agus san áireamh agus tá sé mar aidhm chun tacaíocht agus treoir a thabhairt do dhaoine óga. Aithníonn sé na dúshláin áirithe atá ag leanaí agus ag daoine óga inár sochaí agus lorgaíonn sé aon iompar a réiteach ar a dtaobhsa a bhfuil drochthionchar aige othusan, a gcuid piars nó an pobal níos fairsinge.

Bíonn mionlach daoine óga páirteach i ngníomhaíocht choiriúil agus nuair a tharlaíonn sé seo freagróidh An Garda Síochana go héifeachtach agus go docht chun déileáil leis an iompar agus leis an ngníomh agus ar gach uairibh, beidh ár gcur chuige cothrom. Lorgóidh muid i dtosach déileáil leis na daoine óga seo trí idirghábháil athreoraithe cuí a mheas atá ceaptha chun an iompraíocht ghoilliúnach a athrú.

Áit nach n-oibríonn sé seo nó áit a bhfuil an duine óg ina athchiontóir nó áit a bhfuil an eachtra de ghné an-thromchúiseach ar fad, tabharfaidh muid an t-ábhar os comhair na gcúirteanna.

Tugann muid tacaíocht do chur chuige idirghníomhaire agus pairtnéireachta ar réiteach faidhbe agus tá muid ag brath ar thacaíocht agus ar chúnamh lucht leasmhara eile le cúnamh a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga chun a gcuid féidireachta iomlán a shroicheadh.

Is am bríomhar é i réimse an óg-cheartais agus tá An Garda Síochána tiomanta chun seirbhís cáilíochta agus éifeachtach a thabhairt do gach leanbh agus do dhaoine óga inár sochaí. Trí é seo a dhéanamh is féidir linn sochaí níos sábháilte agus todhchaí níos fearr a bhaint amach do gach duine.

**Sínithe __________________________**

**Fachtna Ó Murchú**

**Coimisinéir an Gharda Síochána**

# Brollach

## An Ráiteas Misin

*"Tá An Garda Síochána tiomanta chun seirbhís phóilíneachta cháilíochta a sheachadadh rud atá ceaptha chun cosaint ár gcuid leanaí agus daoine óga a chinntiú inár bpobal agus déanfaidh muid amhlaidh ar mhodh cothrom agus éifeachtach. Beidh An Garda Síochána mothálach ach go háirithe do riachtanais agus do chearta leanaí agus déanfaidh muid iarracht na caighdeáin is airde aitheanta idirnáisiúnta iompair agus sár-chleachtais a bhaint amach nuair atáthar ag plé le leanaí agus le daoine óga".*

## Tiomantais na hEagraíochta

Tá An Garda Síochána tiomanta chun a chinntiú go gcoimeádtar forálacha Choinbhinsiúin na Náisiúin Aontaithe ar Chearta an Linbh ar gach uairibh nuair a idirghníomhann comhaltaí den Gharda Síochána le leanaí.

Tá An Garda Síochána tiomanta chun a chinntiú go gcloítear leis an leibhéal idirnáisiúnta is airde sár-chleachtais nuair atáthar ag déileáil le leanaí atá i gcoimhlint leis an dlí agus ach go háirithe go gcloítear le forálacha Rialacha Beijing [1] ar gach uairibh i riaradh an cheartais d'ógánach .

Tá An Garda Síochána tiomanta do chur chuige ilghníomhaire nuair atáthar ag réiteach riachtanais leanaí agus daoine óga agus chun obair le soláthaitheoirí eile seirbhíse chun protocail a fhorbairt d'fhonn seachadadh seirbhísí níos éifeachtaí a éascú.

[1] Rialacha Íoschaighdeáin na Naisiúin Aontaithe do Riaradh an Cheartais Ógánach

**Straitéis i leith na hÓige agus Leanaí**

Tugann an tstraitéis trí bliana seo léargas ar conas mar a seachadófar An Garda Síochána seirbhís cháilíochta do leanaí agus do dhaoine óga inár bpobal. Tá sé machnamhach ar an bhfíric nach bhfaigheann mórchuid de na daoine óga atá i gcoimhlint leis an dlí agus go mbíonn daoine óga go minic ina n-íospairtigh coireachta agus/nó i ngátar ar chúnamh ó na Gardaí. Tá an tstraitéis seo san áireamh seachas a bheith as an aireamh, ag aithint na háite speisialta atá á coinneáil ag leanaí agus ag daoine óga inar bpobal agus na dúshláin ar leith atá acu i sochaí nuachóirithe.

Leagann an tStraitéis amach trí Sprioc Ard-Leibhéal a bhaineann le;

- Gach leanbh sa tsochaí,
- Leanaí a dtagann i gcoimhlint leis an dlí,
- Leanaí atá i mbaol díobhála nó i ngátar ar chúnamh.

Beidh na spriocanna ard-leibhéal seo á seachadadh ag An Garda Síochána

1. *trí sheachadadh feabhsaithe seirbhíse do leanaí agus do dhaoine óga*
2. *trína chinntiú go bhfuil an tstraitéis glactha taobh istigh d’eagraíocht an Gharda Síochána, agus*
3. *trí chur chuige ilghníomhaire a chur san áireamh*

Is doiciméad beo í an tStraitéis agus tá sé ceaptha le éablóidú agus freagairt ar an iliomad athrú atá ag tarlú sa tsochaí agus ach go háirithe i réimse Ceartas an Aosa Óig.

## Sprioc Ard-Leibhéal 1

## (Seirbhís phóilíneachta do gach leanbh)

**Chun seirbhís cháilíochta phóilíneachta a chur ar fáil do na leanaí agus daoine óga ar fad inár sochaí agus chun é seo a dhéanamh amhlaidh le dínit agus le meas ar chearta an duine trí chumarsáid a dhéanamh le, trí bheith ag éisteacht le agus trí bheith ag obair i dtreo gaolmhaireachtaí dearfacha a thógáil agus a choinneáil le leanaí agus le daoine óga.**

**Cuspóir 1.1 An tseirbhís a sheachadadh**

**Chun seachadadh seirbhís cháilíochta phóilíneachta a chinntiú do gach leanbh agus do dhaoine óga, chun iad a chosaint ó dhochar trí idirghníomhú dearfach, treoir cuí agus comhairle chuí.**

| | Gníomhartha le Cuspóir a bhaint amach | Torthaí | Táscairí Feidhmíochta/Spriocanna |
|---|---|---|---|
| 1.1.1 | Téigh i dteagmháil le daoine óga trí Phóilíniú Pobail. | Idirghníomhú Dearfach le leanaí le daoine óga ina gcuid pobail féin | Sonraí line le leibhéil páirtíochta a mheas bunaithe. |
| 1.1.2 | Clár Garda na mBunscoileanna a sheachadadh | Tuiscint mhéadaithe ag leanaí ar ról an Gharda.<br><br>Sábháilteacht mhéadaithe leanaí a mhéadú trí fheasacht ar thábhacht sábháilteachta phearsanta agus contúirtí a bhaineann le mí-úsáid substainte.<br><br>Cur le hiarrachtaí le bhás agus díobhálacha do úsaideoirí bóthair a laghdú. | Cuairteanna ar Bhunscoileanna méadaithe 10%. |
| 1.1.3 | Clár Garda na Meánscoileanna a sheachadadh | Cur le hiarrachtaí le minicíocht díobhala agus bháis a laghdú, feasacht a ardú ar contúirtí a bhaineann le mí-úsáid substainte agus íospairtíocht óige a chosc trí chomhairle shábháilteachta phearsanta. | Cuairteanna ar mheánscoileanna méadaithe 10% |

| | Gníomhartha le Cuspóir a bhaint amach | Torthaí | Táscairí Feidhmíochta/ Spriocanna |
|---|---|---|---|
| 1.1.4 | Clár an Gharda um Shábháilteacht ar Bhóithre na hIdirbhliana a sheachadadh. | Cur le minicíocht díobhála agus bháis a laghdú d'úsáideoirí bóthair | Cuairteanna ar mhic léinn idirbhliana a mhéadú 10% |
| 1.1.5 | Fora le plé leis an óige a bhunú | Deis do phlé débhealach ar shaincheisteanna póilíneachta a bhfuil tionchar acu ar dhaoine óga | Trí cinn de fhora píolóta a bhunú don óige. |
| 1.1.6 | Bualadh le Dáil na nÓg | Leibhéil cainte a mhéadú le daoine óga | Dhá chruinniú tionólta le coistí Dála na nÓg agus freastal déanta ar chomhdháil bhliantiúil |
| 1.1.7 | Fiúchas a scrúdú maidir le Dhámhachtainí Gaisce an Óige ar bhonn náisiúnta a bhunú | Luach Saothair a thabhairt do dhaoine óga as ucht gaisce agus dea-iompair | Cás gnó a ullmhú agus a chur faoi bhráid chun Dámhachtainí Gaisce Garda an Óige a fhorbairt ar bhonn náisiúnta |
| 1.1.8 | Dea-scéalta a phoibliú a léiríonn idirghníomhaithe dearfacha idir Ghardaí aguis daoine óga | Tá sé mar aidhm muinín daoine óga a mhéadú sa Gharda Síochána | Sonraí line bunaithe ar líon na ndea-scéalta Garda/an óige atá sna meáin chumarsáide |
| 1.1.9 | Láithreán Gréasáin atá cairdiúil don óige a chinntiú | Rochtain níos mó ar eolas mar gheall ar An Garda Síochána agus bealaí breise le comhairle agus eolas sábháilteachta a tharchur. | Ábhar spéise don óige a chur san áireamh ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána |

**Cuspóir 1.2 Cumais a fheabhsú chun an tseirbhís a sheachadadh**

**Chun a chinntiú go bhfuil treallamh ag An Garda Síochána chun seirbhís cailíochta a sheachadadh ar gach leanbh agus ar dhaoine óga agus iarracht a dhéanamh na caighdeáin is airde aitheanta idirnáisiúnta iompair agus sár-chleachtas a choinneáil nuair atáthar ag déileáil leis na leanaí agus daoine óga ar fad.**

| | Gníomhartha chun Cuspóirí a Bhaint Amach | Torthaí | Táscairí Feidhmíochta/Spriocanna |
|---|---|---|---|
| 1.2.1 | Feasacht ar chearta daonna na leanaí a ardú | Tiomantas Eagraíochta chun caitheamh le cearta na leanaí | Forálacha Chonbhinsiún na Naisiúin Aontaithe ar Chearta an Linbh (UNCRC) machnasach ar gach polasaí ábhartha Garda |
| 1.2.2 | Oiliúint a chur ar fáil ar chonbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le leanaí i gcoimeád. | Feasacht níos mó agus meas ar chearta na leanaí | Forálacha UNCRC san áireamh i gcúrsaí Gardaí faoi Oiliúint agus i gcúrsaí Forbartha Leanúnacha Gairmiúla |
| 1.2.3 | Oiliúint a chur ar fáil ar sheachadadh chlár Garda na mBunscoileanna agus na méanscoileanna | Seachadadh Gairmiúil an Chláir Scoile | Gardaí oilte i ngach Roinn chun Clár Scoile an Gharda Síochana a sheachadadh<br><br>Leabhar Saothair Tacaíochta tháirgthe do Chlár na Meánscoileanna |
| 1.2.4 | Saincheisteanna a aithint a bhfuil tionchar acu ar dhearcadh daoine óga i dtreo An Garda Síochána | Cuidiú le Gaolmhaireacht idir An Garda Síochána agus daoine óga a fheabhsú | Taighde reatha maidir le gaolmhaireacht idir An Garda Síochána agus daoine óga athbhreithnithe agus saincheisteanna atá le bheith curtha san áireamh in oiliúint aitheanta |
| 1.2.5 | Sár-chleachtais a aithint agus luach saothair a thabhairt nuair atáthar ag déileáil le daoine óga | Teachtaireacht láidir eagraíochta agus tacaíocht do dhea-obair | Ainmniúcháin don Bord Comhairlitheach um Dámhachtainí Gaisce de chuid Acht na Leanaí curtha chun cinn. |

**Cuspóir 1.3 Cur Chuige Idirghníomhaire**

**Chun a chinntiú go ngabhann An Garda Síochána le cur chuige ilgníomhaire ar an tseirbhís a sheachadadh agus chun obair idirghníomhaire a spreagadh go gníomhach idir An Garda Síochána agus lucht leasmhara eile gníomhaire maidir le seirbhís phóilíneachta a sheachadadh ar gach leanbh agus gach duine óg.**

| | Gníomhartha le Cuspóirí a bhaint amach | Torthaí | Tascairí Feidhmíochta |
|---|---|---|---|
| **1.3.1** | **Oibriú le meánscoileanna le samhail aontaithe den Chlár Oideachais agus Sláinte Phearsanta Shóisialta (SPHE) a sheachadadh** | **Foghlaim feabhsaithe do leanaí.** | **Líon na gcuairteanna faoin gClár Scoile a mhéadú 10%** |
| **1.3.2** | **Oibriú le Bunscoileanna le Chlár na mBunscoileanna a sheachadadh** | **Seachadadh méadaithe ar an gClár Scoile** | **Líon na gcuairteanna faoin gClár Scoile a mhéadú 10%** |
| **1.3.3** | Oibriú le hOifig an Aire Leanaí le hábhair a phlé, áit gur féidir le hionchur ón nGarda Síochána a bheith ina chabhair maidir le hobair idirghníomhaire a chur chun cinn | Comhoibriú feabhsaithe idirghníomhaire ar réimse leathan saincheisteanna an aosa óig | **Líon na gcruinnithe le hOifig an Aire Leanaí agus ionadaíocht an Gharda ar choistí idirghníomhaire.** |

## Sprioc Ard-Leibhéal 2
## (Seirbhís Phóilíneachta atá i gcoimhlint leis an dlí)

**Chun seirbhís cháilíochta an Gharda a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil a n-iompar i gcoimhlint leis an dlí agus é sin a dhéanamh ar mhodh a bhfuil meas aige ar chearta agus ar riachtanais íospairtigh agus atá cuí d'aois agus do thuiscint an linbh nó an duine óig, go bhfuil meas aige ar a ndínit, a gcuid cearta, a soghontacht agus a riachtanais speisialta agus, cibé áit is cúí, go mbeidh sé atreoraithe i nádúr.**

### Cuspóir 2.1; An tSeirbhís a Sheachadadh

**Chun seachadadh seirbhís cháilíochta phóilíneachta a chinntiú do leanaí agus do dhaoine óga atá i gcoimhlint leis an dlí. Chun a chinntiú nuair a dhéanann leanbh cion caithfear leis an leanbh ar mhodh chuí ag gach Garda agus déanfar machnamh ar an leanbh le é/í a chur san áireamh sa Chlár Atreoraithe. Áit a bhfuil ionchúiseamh tógtha, déanfar é a phróiseáil go tapaidh agus go cothrom, agus de réir an dlí agus sár-chleachtais.**

| | Gníomhartha le Cuspóirí a bhaint amach | Torthaí | Tascairí Feidhmíochta/Spriocanna |
|---|---|---|---|
| 2.1.1 | Comhlíonadh docht le Cuid 6 d'Acht na Leanaí 2001 maidir le leanaí I gcoimeád. | Bail Leanaí atá i gcoimeád an Gharda a chuiinntiú chun an chaighdeáin is airde | Sonraí bíne bunaithe ar líon na ngearán maidir le bail leanaí atá i gcoimeád an Gharda |
| 2.1.2 | Áit nach bhfuil leanbh oiriúnach le cur san áireamh sa Chlár Atreoraithe, cinntigh próiseáil tapaidh den fhoirm atreoraithe. | Laghdú ar am idir an chion agus láithriú na cúirte. | Atreoraithe do leanaí nach bhfuil oiriúnach d'Atreorú a próiseáladh taobh istigh de mhí ag Oifig Náisiúnta d'Ógchiontóirí. |
| 2.1.3 | Méadaigh na hacmhainní atá ar fáil don Chlár Atreoraithe. | Leibhéal na hidirghabhála a mhéadú dóibh siúd atá curtha san áireamh sa Chlár Atreoraithe | 14 Oifigeach Caidrimh Ógchiontóir breise ceaptha |
| 2.1.4 | Tuiscint ar an gClár Atreoraithe a chur chun cinn do leanaí agus do theaghlaigh an linbh | Tuiscint níos mó a chruthú ar an bpróiseas Atreoraithe do leanaí, do thuismitheoirí agus d'íospairtigh | Bileog Eolais do leanaí agus do thuismitheoirí ar an gClár Atreoraithe i seacht (7) dteanga táirgthe agus scaipthe |
| 2.1.5 | Méadaigh líon na n-idirghábháil aisig | Úsáid níos mó ar idirghabhálacha aisíg. | Idirghabhálacha aisig a mhéadú 10% |

| | Gníomhairí le Cuspóirí a bhaint amach | Torthaí | Tascairí Feidhmíochta/Spriocanna |
|---|---|---|---|
| 2.1.6 | **Feasacht ar Cheartas Aisig a chur chun cinn taobh istigh den Gharda Síochána** | **Tuiscint níos fearr ar an bpróiseas aisig** | **Eolas ar Cheartas Aisig scaiptha trí Thairseach an Gharda** |
| 2.1.7 | **Tacú le hÚsáid Tionscnamh Atreoraithe ógánach an Gharda trí leanaí ard riosca a atreorú le cur san áireamh sna Tionscnaimh** | **Dul i ngleic le hIompar goilliúnach agus atitimeachas a laghdú** | **I ngach cás, áit a bhfuil machnamh á dhéanamh ar leanbh d'ionchúiseamh, beidh an JLO tar éis an rogha a scrúdú ar dtús faoi leanbh a chur san aireamh i gClár Atreoraithe an Gharda.** |
| 2.1.8 | **Orduithe Iompair Frithshóisialta a úsáid cibé áit is cuí** | **Dul i ngleic le hiompar frithshóisialta a dhéanann daoine óga** | **Monatóireacht ar líon na rabhadh, conarthaí agus orduithe a eisíodh do dhaoine óga ag Oifig Naisiúnta an Gharda d'Ógchiontóirí** |
| 2.1.9 | **Cinntigh próiseáil níos éifeachtachta na gcásanna i gCúirt Átha Cliath na Leanaí.** | **Laghdú ar am ag próiseail cásanna i gCúirt Átha Cliath na Leanaí** | **Próiseálaithe i gCúirt Átha Cliath na Leanaí athbhreithnithe, feabhsúchain aitheanta agus curtha i bhfeidhm.** |
| 2.1.10 | **Nósanna imeachta le déileail le leanaí atá á gcoinneáil i gcoimeád ag Cúirt Átha Cliath na Leanaí.** | **Lig do idirghabhail tapaidh agus laghdú ar iomraíocht ghoilliúnach** | **Nósanna imeachta reatha scrúdaithe, réimsí d' fheabhas aitheanta agus curtha i bhfeidhm** |
| 2.1.11 | **Dlús a chur le próiseail na gcásanna a bhaineann le hógchiontóirí torthúla** | **Feabhsúchán ar bhail leanaí i gCúirt na Leanaí** | **Measúnú ar thionscnamh chás-bhainistíochta an Gharda sa RÁC (LT), feabhsúcháin aitheanta agus curtha i bhfeidhm agus machnamh déanta ar é a thabhairt isteach ar bhonn naisiúnta** |
| 2.1.12 | Tacú le leanaí sa Chlár Atreoraithe chun comhairliú nó idirghabháil eile cuí d'alcól nó mí-úsáid substainte a mheas | Rochtain níos tapúla ar an tseirbhís chuí. | **Sonraí líine bunaithe agus líon na leanaí atreoraithe do chomhairliú ag an JLO méadaithe.** |

**Cuspóir 2.2 Cumais a fheabhsú chun seirbhís a sheachadadh**

**Chun a chinntiú go bhfuil treallamh ag An Garda Síochána le seirbhís cháilíochta a sheachadadh do leanaí agus do dhaoine óga ata i gcoimhlint leis an dlí agus iarracht a dhéanamh chun na caighdeáin aitheanta idirnáisiúnta is airde iompair agus sár-chleachtais a choinneail nuair atáthar ag plé leis na leanaí seo.**

| | Gníomhartha le Cuspóirí a bhaint amach | Torthaí | Táscairí Feidhmíochta/Spriocanna |
|---|---|---|---|
| 2.2.1 | Cúrsa nua Ionduchtúcháin oiliúna a fhorbairt do JLO | Leibhéal feabhsaithe oilíuna do JLO nuacheaptha | Cursa á fhorbairt agus á sheachadadh |
| 2.2.2 | Feasacht a ardú ar an gClár Atreoraithe agus a chuid sochair ag Oiliúint na nGardaí faoi Oiliúint agus cúrsaí forbartha leanúnacha gairmiúla (CPD). | Tuiscint níos mó ar bhuntáistí atreoraithe ag comhaltaí den Gharda Síochána. | Gach cúrsa cuí réitithe. |
| 2.2.3 | Gach nós imeachta a uasdhátú agus a chaighdeánú maidir le Clár Atreoraithe. | Comhsheasmacht feidhmiú an phróisis do bhearta atreoraithe | Nósanna imeachta uasdhátaithe agus curtha i bhfeidhm |
| 2.2.4 | Feasacht ar cheartas aisig a ardú ag Oiliúint na nGardaí faoi Oiliúint agus ag CPD. | Tuiscint níos mó ar bhuntáistí Cheartas Aisig taobh istigh den Gharda Síochána. | Gach cúrsa oiliúna cuí réitithe. |
| 2.2.5 | Oiliúint Saineolaithe i gceartas aisíg a chur ar fáil do gach JLO nuacheaptha | Ard-chaighdeán d'idirghabháil aisig. | Gach JLO nuacheaptha oilte i gceartas aisíg. |
| 2.2.6 | Sainoiliúint idirghabhála a chur ar fáil do gach JLO nuacheaptha | Ardchaighdeán idirghabhála | Gach JLO nuacheaptha oilte in idirghabháil. |

| | Gníomhartha chun Cuspóirí a bhaint amach | Torthaí | Táscairí Feidhmíochta/Spriocanna |
|---|---|---|---|
| **2.2.7** | **Oiliúint a sheachadadh maidir le Cuid 6 d'Acht na Leanaí 2001 do ghardaí faoi oiliúint agus ar promhaidh agus do cúrsa ardú céime Sáirsintí.** | **Bail leanaí i gcoimeád an Gharda oiriúnach le Cuid 6 d'Acht na Leanaí** | **Oiliúint i gColaiste an Gharda Síochana do Ghardaí faoi oiliúint agus ar promhaidh agus do chúrsa ardú céime Sáirsintí atá cruthaithe ag Oifig Náisiúnta Garda d'Ógchiontóirí** |
| **2.2.8** | Oiliúint a sheachadadh ar Chuid 6 d'Acht na Leanaí 2001 do Ghardaí atá ag obair i gCúirt Átha Cliath na Leanaí | Bail leanaí i gCoimeád an Gharda oiriúnach le Cuid 6 d'Acht na Leanaí | **Gardaí atá i gCúirt Átha Cliath na Leanaí oilte.** |

**Cuspóir 2.3 Cur Chuige Idirghníomhaire**

**A chinntiú go ngabhann muid le cur chuige ilghníomhaire chun an tseirbhís a sheachadadh agus chun obair idirghníomhaire a spreagadh le lucht leasmhara eile gníomhaire maidir le seirbhís phóilíneachta a sheachadadh do leanaí agus do dhaoine óga a thagann i gcoimhlint leis an dlí.**

| | Gníomhartha le Cuspóirí a bhaint amach | Torthaí | Táscairí Feidhmíochta/ Spriocanna |
|---|---|---|---|
| 2.3.1 | Comhghrúpa oibre le Seirbhís na hÉireann um Cheartas Óige agus le athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú agus treoirlínte an Tionscnaimh Atreoraithe | Réimsí d'fheabhsúchán aitheanta | Athbhreithniú déanta ar oibrúcháin agus ar threoirlínte |
| 2.3.2 | Comhoibriú le IYJS cláracha idirghabhala fianaise-bhunaithe a fhorbairt do leanaí atá ar Thionscnaimh Atreoraithe | Forbairt déanta ar Chláracha idirghabhála | Idirghabhalacha fianaise-bhuinaithe forbartha i gcúig cinn de cheantair píolóta |
| 2.3.3 | Oifig Tionscnaimh an Gharda agus Seirbhís Anailíse an Gharda le proifíl a dhéanamh ar choireacht an aosa óig i gcúig cinn de cheantair píolóta. | Proifíl ar choireacht óige | Próifíl déanta ar choireacht ógánach i gcúig cinn de cheantair píolóta |
| 2.3.4 | Méadaigh acmhainní do Thionscnauimh Atreoraithe trí Chiste Shóisialta na hEorpa. | An dara oibrí ceaptha. | An dara oibrí ceaptha do gach tionscnaimh |
| 2.3.5 | Uirlis riosca measúnaithe a fhorbairt don óige i dTionscnaimh Atreoraithe. | Measúnú caighdeeánach ar an óige | Forbairt déanta ar Uirlis riosca measúnaithe agus é curtha i bhfeidhm. |
| 2.3.6 | Seimineáir a éascú le sár-chleachtas i dTionscnaimh Atreoraithe a bhreisoiliúint agus a chur chun cinn | Foireann breisoiliúnta | Líon na seimineáir a bhí á éascú |
| 2.3.7 | Obair le Feidhmiúchan na Seirbhíse Sláinte chun seachadadh na seirbhísí do leanaí a fheabhsú. | Seachadadh seitrbhíse feabhsaithe | Protacail idirghníomhaire forbartha áit is cuí agus curtha i bhfeidhm |
| 2.3.8 | Bheith páirteach i gCoistí Seirbhíse Leanaí idirghníomhaire píolótach | Idirghabhálacha idirghníomhaire feabhsaithe | Bhí Gardaí páirteach i ngach ceann de na ceithre choiste píolótach. |

| | Gníomhartha le Cuspóirí a bhaint amach | Torthaí | Táscairí Feidhmíochta/ Spriocanna |
|---|---|---|---|
| **2.39** | **Ionadaíocht Garda ar an gCoiste Feidhmithe Naisiúnta um Acht na Leanaí** | **Comhairle tugtha don Aire ar shaincheisteanna a bhaineann le leanaí** | **Líon na gcruinnithe Coiste arna bhfreastal ag ionadaí Garda** |
| **2.3.10** | **Obair le Seirbhís Promaidh na nDaoine óga chun deiseanna a aithint do chomhoibriú.** | **Foghlaim agus eolas roinnte ar riachtanais na leanaí** | **Deiseanna aitheanta**<br><br>**Comhoiliúint curtha ar fáil.**<br><br>**Prótacail aontaithe** |
| **2.3.11** | **Ionadaíocht Garda ar an gCoiste Feidhmithe Náisiúnta de chuid Acht na Leanaí** | **Foghlaim roinnte agus treoraigh feidhmiú Acht na Leanaí ar leibhéal stráitéiseach** | **Gardaí ionadaithe ar an gCoiste** |

## Sprioc Ard-Leibhéal 3
## (Seirbhís Phóilíneachta do Leanaí ata i mBaol Díobhála nó i ngátar ar Chúnamh)

**Chun seirbhís éifeachtach inrochtana cháilíochta an Gharda a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga atá i mbaol díobhála nó atá i ngátar ar chúnamh.**

**Cuspóir 3:1 An tSeirbhís a sheachadadh**

**Chun seirbhís éifeachtach inrochtana cáilíochta an Gharda a sholáthar do gach leanbh agus do dhaoine óga atá i mbaol díobhála nó atá i ngátar ar chúnamh agus chun a chinntiú go gcaithfear le gach leanbh le dínit agus le meas agus go dtugtar cúnamh dó/di ina gcuid iarrachtaí chun a gcuid riachtanais féin a réiteach.**

| | Gníomhartha le Cuspóirí a bhaint amach | Torthaí | Táscairí Feidhmócochta/Spriocanna |
|---|---|---|---|
| 3.1.1 | Seirbhís an Gharda a chur chun cinn go gníomhach mar chairdiúil don leanbh agus don óige | Seirbhís Gharda níos inrochtana agus níos cairdiúla do leanaí agus do dhaoine óga atá i ngátar ar chúnamh | Feachtas curtha chun cinn forbartha chun leanaí agus daoine óga a spreagadh le dul i dteagmháil le Gardai más i mbaol díobhála atá siad nó nuair a dhéantar díobháil orthu |
| 3.1.2 | Dul i dteagmháil go gníomhach le daoine óga a bhfuil deacrachtaí foghlama acu | Muinín agus feasacht a mhéadú don óige a bhfuil deacrachtaí foghlama acu faoi cén chaoi dul i dteagmháil le Gardaí | Cúnamh tugtha do scoileanna riachtanais speisialta maidir le cláracha "Saoi na Sráide" a sheachadadh do leanaí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu |
| 3.1.3 | Scéala a thabhairt d'Fheidhmeannach na Seirbhíse Sláinte (HSE) trí Threoirlínte Leanaí i dTosach faoi chásanna amhrasacha mí-úsáid leanaí. | Idirghabháil FSS ag ligean do riachtanais leasa an linbh agus cosanta le bheith réitithe | Machnamh déanta ar na cásanna atá cuí de réir mar atá leagtha amach sna treoirlínte Leanaí i dTosach a atreoraíodh don FSS. |
| 3.1.4 | Físthaifeadadh/taifeadadh leictreonach ar agallaimh íospairtigh coireachta a úsáid atá faoi bhun 14 bliain d'aois i gcásanna a bhaineann le cionta gnéasacha agus/nó foréigeanacha de réir Alt 16(1)(B) den Acht um Fhianaise Choiriúil 1992 | Laghdú ar thráma d'íospairtigh linbh | Líon na gcásanna, áit a taifeadadh fianaise go leictreonach. |

| | Gníomhartha chun Cuspóirí a bhaint amach | Torthaí | Táscairí Feidhmíochta/Spriocanna |
|---|---|---|---|
| **3.1.5** | **Scrúdaigh idirghabháil aisíg d'íospairtigh leanaí maidir le coireacht óganach** | **Úsáid níos mó ar idirghabhálacha aisíg** | **Sonraí líne bunaithe d'fhonn líon na n-idirghabhalacha aisíg a mhéadú** |
| **3.1.6** | **Cuir in iúl d'íospairtigh coireachta mar gheall ar sheirbhísí de chuid seirbhísí íospairtigh tacaíochta** | **Feasacht ar sheirbhísí tacaíochta d'íospairtigh** | **Sonraí line bunaithe d'fhonn lion na ndaoine óga a bhfuil feasacht acu ar sheirbhísí a mhéadú** |
| **3.1.7** | **Tabhair cúnamh d'íospairtigh leanaí atá ag lorg seirbhísí leasa taobh amuigh d'uaireanta an chloig.** | **Rochtain ag FSS ar leanaí atá I ngátar ar chúram** | **Cúnamh tugtha do gach leanbh atá i ngátar ar sheirbhísí taobh amuigh d'uaireanta an chloig** |
| **3.1.8** | **Atreoraigh gach leanbh gan tionlacan sa chóras tearmainn go dtí an FSS** | **FSS curtha in iúl mar gheall ar an leanbh.** | **Gach leanbh sa chóras tearmainn atreoraithe go dtí an FSS** |
| **3.1.9** | **Tagair gach leanbh a fhaighteaear gan dídean go dtí an FSS** | **FSS Curtha in iúl go bhfuil an leanbh gan dídean** | **Gach cás a bhfuil eolas ann ar leanaí gan dídean atreoraithe go dtí an FSS** |
| **3.1.10** | Cúnamh a thabhairt don óige aerach, leispiach nó déghnéasach atá ina n-íospairtigh ar choireacht hómafobach | Rochtain níos fearr ar íospairtigh ógánach de bharr coireacht hómafóbach | **Cruinniú tionólta le grúpa aerach don óige BelongTo agus ábhair buartha aontaithe agus gníomhaithe orthu** |

**Cuspóir 3.2 Cumais a fheabhsú chun seirbhís a sheachadadh**

**Ag cinntiú go bhfuil An Garda Síochána oilte chun seirbhís cháilíochta a sheachadadh do leanaí agus do dhaoine óga atá i mbaol nó i ngátar ar chúnamh agus iarracht a dhéanamh na caighdeáin is airde aitheanta idirnáisiúnta iompair agus sár-chleachtais a choinneáil nuair atáthar ag déileáil leis na leanaí sin.**

| | Gníomhartha chun cuspóirí a bhaint amach | Torthaí | Táscairí Feidhmíochta/Spriocanna |
|---|---|---|---|
| 3.2.1 | Sainoiliúint a sholáthar do fhístaifeadadh / taifeadadh leictreonach ar agallaimh íospairtigh coireachta atá faoi bhun 14 bliana d'aois i gcásanna a bhaineann le cionta gnéasacha agus/nó foréigeanacha de réir Alt 16(1)(B) den Acht um Fhianaise Choiriúil | Scileanna méadaithe chun déileáil le himscrúdaithe | Seasca hocht Garda oilte |
| 3.2.2 | Sainoiliúint idirghabhála a sholáthar do gach JLO nuacheaptha chun deileáil le coireacht ógánach. | Soláthar seirbhís fheabhsaithe d'íospairtigh choireacht ógánach | Gach JLO nuacheaptha oilte |
| 3.2.3 | Soláthar oiliúint Treoirlínte Leanaí i dtósach do JLO | Feasacht níos mó ag JLO ar Threoirlínte Leanaí i dTosach | Gach JLO oilte |
| 3.2.4 | Polasaí agus treoirlínte nua Garda do leanaí atá ar iarraidh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm | Treoirlínte nua chun déileáil le leanaí a tuairiscíodh a bheith ar iarraidh | Polasaí agus treoirlínte a tháirgeadh agus a fhorbairt |
| 3.2.5 | Athbhreithniú a dhéanamh ar Pholasaí an Gharda do leanaí gan tionlacan sa phróiséas tearmainn | Tabhair cosaint níos mó do leanaí sa phróiseas tearmainn | Polasaí athbhreithnithe |

**Cuspóir 3.3 Cur Chuige Idirghníomhaire**

**A Chinntiú go dtéann An Garda Síochána i dteagmháil le cur chuige ilghníomhaire chun an tseirbhís a sheachadadh agus chun obair idirghníomhaire a spreagadh idir An Garda Síochána agus lucht leasmhara eile gníomhaire chun seirbhís phóilíneachta a sheachadadh do gach leanbh agus do gach duine óg atá i mbaol nó i ngátar ar chúnamh.**

| | Gníomhartha le Cuspóirí a bhaint amach | Torthaí | Tascairí Feidhmíochta/Spriocanna |
|---|---|---|---|
| 3.3.1 | Sainoiliúint idirghníomhaire a sholáthar le FSS do fhísthaifeadadh /taifeadadh leictreonach maidir le íospairtigh coireachta atá faoi bhun 14 bliana d'aois I gcásanna a bhaineann le cionta gnéasacha / foréuiigeanach de réir Alt 16(1)(B) den Acht um Fghianaise Coiriúil | Foireann Gardaí agus de chuid FSS oilte le comhagallaimh a stiúradh. | Seasca hocht Garda agus sé fhoireann déag de chuid Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte comhoilte. |
| 3.3.2 | Protacail a fhorbairt agus a chur I bhfeidhm le FSS maidir le leanaí atá ar iarraidh ón gcúram | Freagairt chuí idirghníomhaire nuair a tuairiscítear go bhfuil leanbh ar iarraidh | Protacail forbartha agus curtha i bhfeidhm |
| 3.3.3 | Protacail a aontú le FSS chun orduithe cúraim speisialta atá eisithe ag an Ard-Chúirt a fhorghníomhú | Nósanna imeachta aontaithe chun leanaí a thógáil isteach i gcúram speisialta | Protacail forbartha agus curtha i bhfeidhm |
| 3.3.4 | Bualadh le Bord Náisiúnta Oideachais Leasa mar gheall ar leanaí atá i mbaol nach bhfuil ag freastal ar scoil | Seirbhís idirghníomhaire feabhsaithe do leanaí atá i mbaol trí neamhfhreastal ar scoil | Cruinniiú tionólta agus réimsí comhoibrithe aitheanta<br><br>Protacail do chomhoibriú forbartha agus curtha i bhfeidhm |
| 3.3.5 | Bualadh le seirbhísí íospairtigh coireachta maidir le híospairtigh ógánach/leanaí coireachta | Idirghníomhú feabhsaithe idir An Garda Síochána agus seirbhísí íospairtigh tacaíochta | Cruinniú tionólta agus réimsí comhoibrithe aitheanta |

| | Gníomhartha le Cuspóirí a bhaint amach | Torthaí | Tascairí Feidhmíochta/Spriocanna |
|---|---|---|---|
| **3.3.6** | **Bualadh le Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí (ISPCC) chun saincheisteanna a aithint do chomhoibriú leis An Garda Síochána chun seachadadh seirbhíse a fheabhsú do leanaí** | **Idirghníomhú feabhsaithe idir An Garda Síochána agus ISPCC** | **Cruinniú tionólta agus réimsí comhoibrithe aitheanta** |
| **3.3.7** | **Bualadh le Barnardos carthanacht cosanta na leanaí chun saincheisteanna a aithint do chomhoibriú leis An Garda Síochána chun seachadadh seirbhíse a fheabhsú do leanaí** | **Idirghníomhú feabhsaithe idir An Garda Síochána agus Barnardos.** | **Cruinniú tionólta agus réimsí comhoibrithe aitheanta** |